# 03 Nósanna Imeachta an Phróisis um Leasú Cláir

## Léigh i gcomhar leis an bPróiseas um Leasú Cláir QAB Formheasta

**Stair Athraithe**

| Ainm an Doiciméid | Próiseas um Leasú Cláir QAB |
|---|---|
| Dáta Foilsithe | 15 Aibreán 2024 |
| Úinéir an Doiciméid | Rúnaíocht QAB |

**Rialú Leagain**

| Dáta na hEagarthóireachta | Uimh. Leagain (tar éis na heagarthóireachta) | Eagarthóir | Cur síos ar an Athrú e.g. uimhir leathanaigh/achoimre ar na hathruithe a rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

### 1. Tréimhsí Bailíochtaithe

i. Glacann Rúnaíocht QAB le hiarratais le linn na dtréimhsí a leanas:
   - 1 Meán Fómhair go 1 Nollaig
   - 1 Feabhra go 30 Meitheamh

ii. Admhófar iarratais a fhaightear lasmuigh den amfhráma sin ach ní ghníomhófar orthu go dtí na tréimhsí a luaitear in (i) thuas.

### 2. Faisnéis Ghinearálta

i. Tá foirmeacha leasaithe cláir (PAFanna) mar chuid de thaifead QAB ar chlár HEI agus úsáidfear iad san Athbhreithniú um Chur Chun Feidhme ar chlár faofa HEI. Is féidir teacht ar an bhFoirm um Leasú Cláir anseo.

ii. Ba cheart go mbeadh leasuithe cláir ionchasach, ach, i roinnt cásanna ar bhonn eisceachtúil féadfaidh Rúnaíocht QAB cinneadh a dhéanamh athbhreithniú a cheadú ar leasuithe cúlghabhálacha chun comhlíonadh PACG a dheimhniú. Beidh an cinneadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar leasuithe cláir cúlghabhálacha faoi rogha Rúnaíocht QAB ar féidir leo comhairle a lorg ó QAB má mheastar sin a bheith riachtanach.

iii. Ag freagairt do PAFanna agus á mbainistiú, comhfhreagróidh Rúnaíocht QAB leis an bpointe teagmhála ainmnithe a chuireann an HEI ar fáil. Eiseofar an cinneadh deiridh chuig an bpointe teagmhála agus cóipeálfar é chuig oifig an Chláraitheora nó a chomhionann.

iv. Mar chuid den phróiseas cinnteoireachta, féadfaidh Rúnaíocht QAB teagmháil a dhéanamh leis an HEI chun faisnéis bhreise a chur ar fáil taobh amuigh den méid a soláthraíodh cheana sa PAF. Is gá an fhaisnéis sin a chur ar fáil i scríbhinn agus a chur isteach chuig qab@education.gov.ie. Beidh sí mar chuid den Fhoirm Leasaithe Cláir.

3. **Foirm Leasaithe Cláir a chur isteach**
   i. Ní mór do HEInna PAFanna a chur isteach chuig qab@education.gov.ie. Gheobhaidh an HEI admháil ó sheoladh ríomhphoist QAB – qab@education.gov.ie – go bhfuarthas an PAF
   ii. Ba cheart gach PAF a chur isteach in am leordhóthanach chun a cheadú do QAB tabhairt faoi athbhreithniú sula gcuirtear chun feidhme athruithe pleanáilte agus i gcomhréir leis na tréimhsí bailíochtaithe, go háirithe i gcás athrú substainteach agus suntasach ar chlár. Ní dheimhneofar go bhfuil an clár athbhreithnithe amhail ag cloí leis na Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtana Ghairmiúla (PACG) go dtí go ndéantar na leasuithe beartaithe a athbhreithniú, mar a leagtar amach sna nósanna imeachta scríofa seo.
   iii. Má chinneann HEI feidhmiú cláir a stopadh nó a chur ar fionraí go sealadach, is gá an méid sin a chur in iúl roimh ré do QAB le Foirm Leasaithe Cláir.

4. **Próiseas Athbhreithnithe um Leasú Cláir**
   **i.** Déanfaidh rúnaíocht QAB athbhreithniú ar an PAF agus measúnú ar na hathruithe beartaithe mar cheann díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Níl sé substainteach** | Mionathruithe riaracháin |
| **Mion** | Athruithe suntasacha riaracháin |
| **Substainteach** | Aon athrú substainteach ar an gclár |

   ii. Beidh sé faoi rogha Rúnaíocht QAB an leasú/na leasuithe a chuireann an HEI i láthair a aicmiú ar bhonn cás ar chás, agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh is cuí.

5. **Leasuithe nach bhfuil substainteach nó mion**
   i. Measfaidh rúnaíocht QAB nach bhfuil aon athbhreithniú breise de dhíth i gcás leasuithe nó athruithe ar chláir nach bhfuil substaintiúil nó atá mion ach go bhféadfadh gá a bheith ann taifid a thabhairt cothrom le dáta. D'fhéadfaí na hathruithe a mheas in Athbhreithniú um Chur Chun Feidhme clár. Mar shampla, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil athrú ar theideal cláir substainteach nó mion agus go n-éileoidís nuashonrú ar an liosta foilsithe.
   ii. Cuirfear in iúl don QAB ag gach cruinniú boird ráithiúil cinneadh Rúnaíocht QAB i ndáil le leasuithe nach bhfuil substainteach, nó mion, agus taifeadfar ar chomhad an HEI iad.
   iii. Eiseoidh Rúnaíocht QAB litir chuig an HEI i ndáil leis an gcinneadh. Beidh an litir seo mar chuid de thaifead HEI.

6. **Leasuithe Substainteacha – Leithdháileadh Athbhreithneora agus Próiseas an Athbhreithneora**
   i. Beidh athbhreithniú de dhíth maidir le leasuithe nó athruithe ar chláir a mheasann Rúnaíocht QAB a bheith substainteach. Gheobhaidh Rúnaíocht QAB athbhreithneoir óna bpainéal athbhreithneoirí chun na hathruithe beartaithe a bhreithniú. Más rud é, mar gheall ar chastacht an athraithe, nó ar chúis eile aitheanta ag an Rúnaíocht, go gceaptar go bhfuil gá le hathbhreithneoir eile, d'fhéadfadh an Rúnaíocht é a cheapadh.
   ii. Roinnfear leis an athbhreithneoir aon fhaisnéis bhreise a chuirtear ar fáil faoi 2(iv).
   iii. Tugtar tuairim is **4 seachtaine** don athbhreithneoir Tuarascáil an Athbhreithneora a chur i gcrích agus a sheoladh ar ais chuig Rúnaíocht QAB. Comhaontaítear an dáta seo leis an

athbhreithneoir roimh aon fhaisnéis faoin gclár a scaipeadh. Bíonn amlínte don athbhreithniú éagsúil ag amanna áirithe den bhliain.

iv. Roinnfear leis an athbhreithneoir aon fhaisnéis bhreise a chuireann an HEI ar fáil faoi 2(vi).

v. Cuirtear iarratas an HEI agus cáipéisíocht tacaíochta chuig an athbhreithneoir ar ríomhphost.

vi. Féadfaidh an t-athbhreithneoir, ag céim ar bith den athbhreithniú, dul ar ais chuig Rúnaíocht QAB chun soiléireacht nó tuilleadh faisnéise a lorg maidir le doiciméid an chláir a chuir an HEI ar fáil ina n-iarratas.

vii. Déanfaidh rúnaíocht QAB teagmháil dhíreach leis an HEI maidir le haon cheisteanna a ardaítear. Ní bheidh teagmháil dhíreach ag an Athbhreithneoir leis an HEI agus bíonn an t-athbhreithneoir sannta anaithnid i gcónaí do HEInna.

viii. Nuair a chuirtear i gcrích í, ní mór don phríomh-athbhreithneoir Tuarascáil an Athbhreithneora a dhátú agus a shíniú (go leictreonach) agus í a chur chuig Rúnaíocht QAB ar ríomhphost.

ix. Féachann QAB le bheith chomh tacúil agus is féidir do sholáthraithe mar gur fhorbair siad a gcláir chun na caighdeáin riachtanacha nua a bhaint amach. Tá sé i gceist go mbeadh an próiseas faofa cuiditheach agus tacúil do na soláthraithe cláir:

x. Tabharfaidh an tAthbhreithneoir barúlacha cuiditheacha don HEI ar an gcéad dul síos.

xi. Má thugann an t-athbhreithneoir moltaí atá lasmuigh de shainchúram an PACG, cuirfear iad sin in aguisín a chuirfear ar fáil don HEI, dá dteastódh uathu breathnú air.

xii. Cuirfear an HEI ar an eolas gur ann d'aguisín nuair a chuirtear cinneadh an QAB ar fáil dóibh agus tabharfar deis dóibh cóip den aguisín a iarradh. Ní mór aguisín le Tuarascáil Athbhreithneora a iarradh trí ríomhphost chuig qab@education.gov.ie

**7. Cinntí Boird**

i. Eiseoidh an t-athbhreithneoir moladh i ndáil leis na hathruithe beartaithe do Rúnaíocht QAB i bhfoirm doiciméad tuarascála (Tuarascáil an Athbhreithneora). Is é a bheidh sa mholadh, tar éis na n-athruithe beartaithe: (a) go leanfadh an clár ag cloí leis an PACG nó (b) nach gcloífeadh an clár leis an PACG.

ii. Nuair a chuireann an t-athbhreithneoir Tuarascáil an Athbhreithneora ar ais chuig Rúnaíocht QAB seiceáiltear an tuarascáil go hinmheánach (i.e. i ndáil le comhréir agus leagan amach chun cuma agus braistint chomhsheasmhach a chinntiú). Ní dhéanfaidh an Rúnaíocht aon athruithe substainteacha ar chinneadh an Athbhreithneora.

iii. Ansin, cuirtear an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird lena faomhadh. Is féidir leis sin tarlú ar dhá bhealach:
   a. Eisítear an tuarascáil ar ríomhphost chun cinneadh a dhéanamh ag cruinniú Boird sceidealaithe.
   b. Eisítear an tuarascáil ar ríomhphost chuig comhaltaí uile an Bhoird. Tugtar 7 lá féilire do comhaltaí an Bhoird chun a gcinneadh a chur ar ais. Mura bhfaightear freagra ó chomhaltaí an Bhoird laistigh den am atá leagtha amach measfar gur faomhadh é sin ar na hathruithe beartaithe.

iv. Féadfaidh comhaltaí aonair den Bhord iarratas a dhéanamh chun cóip de na doiciméid a chuir an HEI isteach a fheiceáil chun eolas a bhailiú dá gcinneadh deiridh. In imthosca áirithe, féadfaidh Rúnaíocht QAB cinneadh a dhéanamh doiciméid aighneachta an HEI a eisiúint don Bhord lena n-athbhreithniú mar aon le Tuarascáil an Athbhreithneora. Má iarrann an Rúnaíocht doiciméid nó eisiúint doiciméad, d'fhéadfaí síneadh a chur leis an am a thugtar do chomhaltaí Boird.

v. Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh glacadh leis an moladh nó diúltú don mholadh atá i dTuarascáil an Athbhreithneora. Is é a bheidh i gcinneadh deiridh an Bhoird maidir leis an leasú beartaithe:
   a. gur measadh gur chomhlíon sé ceanglais Chritéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (PACG).
   b. gur measadh nár chomhlíon sé ceanglais Chritéir Dámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (PACG).

vi. Cuirfear dáta chinneadh QAB isteach sa tuarascáil. Ansin déanann Rúnaíocht QAB ainmneacha a bhaint as an tuarascáil agus í a fhormáidiú i ndoiciméad pdf nach féidir eagarthóireachta a dhéanamh air.

vii. Eisítear Tuarascáil an Athbhreithneora agus litir fhoirmiúil ina luaitear cinneadh an QAB chuig an HEI ar ríomhphost. Má chuir an tAthbhreithneoir Aguisín ar fáil, cuirfear é sin in iúl don HEI. Má iarrann an HEI an aguisín a fheiceáil, cuirfear é sin ar aghaidh ar leithligh, ar iarratas ó Rúnaíocht QAB chuig an HEI.

**8. An Cinneadh a chur in iúl don HEI**

i. Déanfaidh an QAB iarracht cinneadh a eisiúint chomh héifeachtúil agus is féidir. I gcás athruithe a mheastar nach bhfuil substainteach nó mion tá súil ag an QAB go bhfreagrófar iad sin faoi cheann **<u>ceithre seachtaine</u>** nó mar sin. I gcás athruithe substainteacha óna dteastaíonn athbhreithniú, d'fhéadfadh tuilleadh ama a bheith ag teastáil.

ii. Eiseoidh Rúnaíocht QAB cinneadh an QAB chuig an HEI ar ríomhphost chuig an teagmhálaí ainmnithe i dtaifid Rúnaíocht QAB. I gcás athrú substainteach cuirfear tuarascáil an athbhreithneora ar fáil don HEI freisin.

iii. Déanfar nóta de leasuithe ar chláir a nglacann an QAB leo i gcomhad cláir an HEI.

iv. I gcásanna ina meastar nach bhfuil ceanglais an PACG á gcomhlíonadh ag cláir, ní mór don HEI an clár reatha a choimeád ina fhormáid faofa QAB reatha más mian leo faomhadh an QAB a choimeád.

v. Is féidir an t-athrú a chur isteach arís lena bhreithniú arís tar éis glacadh le barúlacha an QAB nó féadfaidh an HEI tagairt do phróiseas achomhairc an QAB. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an bPróiseas Achomhairc a fháil anseo ar leathanach gréasáin an QAB.

**9. Comhlíonadh Sonraí**

Leagtar amach in Airteagal 5 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) na príomhphrionsabail atá i gcroílár an réimis ghinearálta um chosaint sonraí. Seo a leanas na príomhphrionsabail a leagtar amach sa reachtaíocht: dlíthiúlacht, cothroime, agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra, íoslaghdú sonraí, cruinneas, teorannú stórála, sláine agus rúndacht agus cuntasacht. Leagtar amach na príomhphrionsabail sin ag tús reachtaíocht GDPR, agus déanann siad difear go díreach agus go hindíreach do rialacha agus oibleagáidí eile a fhaightear sa reachtaíocht.

Tá an fhoireann-doiciméad a leanas ar fáil le tacú le hobair an QAB chun comhlíontacht a chinntiú le GDPR agus áirítear an Fógra maidir le Príobháideachas QABanna ann. Tá an próiseas lena mbaineann an doiciméad idir lúibíní:

**HEI**

i. Fógra maidir le Príobháideachas an QAB

ii. Comhaontú um Chomhroinnt Sonraí idir an QAB agus gach HEI **chun sonraí pearsanta a chomhroinnt** [Cur i bhFeidhm Tosaigh, Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

iii. Teimpléad C.V. (chun sonraí pearsanta léachtóirí a chomhroinnt) [Cur i bhfeidhm Tosaigh, Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

iv. Comhaontú um Próiseáil Sonraí idir an QAB agus an Roinn Oideachais [Cur i bhfeidhm Tosaigh, Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

**Athbhreithneoir**

i. Ráiteas Rúndachta sínithe ag gach athbhreithneoir ainmnithe [Cur i bhfeidhm Tosaigh, Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

ii. Ráiteas um Choinbhleacht Leasa sínithe ag gach athbhreithneoir ainmnithe [Cur i bhfeidhm Tosaigh, Foirm Leasaithe Cláir, Próiseas Athbhreithnithe um Chur Chun Feidhme]

Cinnteoidh Rúnaíocht QAB go gcuireann an t-athbhreithneoir/HEIanna na doiciméid i gcrích agus go seolann siad ar ais iad de réir mar is cuí i ngach próiseas.